
**BEIRT Ó FHOIREANN BHUAN NÓ LÁNAIMSEARHA NA hOLLSCOILE (BEAN AMHÁIN, FEAR AMHÁIN),
NACH BAILL IAD D’FHOIREANN ACADÚIL NA hOLLSCOILE A THOGHADH CHUIG AN SEÚ hÚDARÁS
RIALAITHE DE CHUID OLLSCOIL NA hÉIREANN, MÁ NUAD DE BHUN ACHT NA nOLLSCOILEANNA, 1997.**

MIONSONRAÍ A BHAINNEANN LE TOGHCHÁN 2019

Beidh téarma oifige ceithre bliana an chúigiú hÚdarás Rialaithe istigh ar an 29 Deireadh Fómhair 2019.

De réir Alt 15 den Acht beidh Údarás Rialaithe ag an Ollscoil, a bhunófar de réir an Achta agus, comhlíonfaidh an tÚdarás Rialaithe feidhmeanna na hOllscoile nó déanfar iad a chomhlíonadh ar ordacháin an Údaráis Rialaithe.

De réir Alt 16 (2) (d) (iii) den Acht, beidh beirt ó fhoireann bhuan nó lánaimseartha na hOllscoile (fear amháin, bean amháin) nach baill den fhoireann acadúil iad ar an Údarás Rialaithe, arna dtoghadh ag an bhfoireann neamhadúil.

Tugtar cumhacht don Údarás Rialaithe de réir Alt 16 (11) den Acht cibé rialacháin a dhéanamh maidir le baill an Údaráis Rialaithe a thoghadh agus a ainmniú. Baineann an struchtúr ina gcuirtear ball foirne i [gcatagóir/dtoghcheantar] ar leith leis an toghchán seo amháin agus ní hionann é, ná níor cheart go dtuigfí uaidh go bhfuil aon ionadaíocht, barántas ná gealltanais á thabhairt ag an Ollscoil maidir le stádas dlí ná fostaíocht aon bhall foirne agus níl sé i gceist go ndéanfadh catagóiríú den chineál seo aon chearta ná oibleagáidí ná aon éifeachtaí nó iarmhairtí dlí a chruthú, faoi Acht na nOllscoileanna, 1997, faoi Reachtanna na hOllscoile, ná eile, seachas do na cuspóirí seo amháin.

Nós Imeachta an Toghcháin:

- (i) Baill d’fhoireann bhuan nó lánaimseartha na hOllscoile, nach baill den fhoireann acadúil iad, a bheidh sna *togthóirí*.
- (ii) Chun a bheith mar *iarrthóir* sa toghchán, níor mhór don duine, ar *togthóir é/í*, a bheith ina f(h)ostaí buan nó lánaimseartha de chuid na hOllscoile.
- (iii) Bunaithe ar riachtanais Alt 16 (10) den Acht, a bhaineann le cothromaíocht inscne, rinneadh an cinneadh go ndéanfadh baill d’fhoireann bhuan nó lánaimseartha na hOllscoile, nach baill den fhoireann acadúil iad, bean amháin agus fear amháin a thoghadh.
- (iv) Chun a bheith mar *iarrthóir* sa toghchán, níor mhór don duine, ar *togthóir é/í*, páipéar oifigiúil ainmniúcháin a líonadh, é sínithe ag beirt atá incháilithe. Níor mhór d’ainmnithe an chuid chuí den pháipéar ainmniúcháin a shíniú chun a dtoilteanas a bheith páirteach sa phróiseas a léiriú.
- (v) Ní bheidh *iarrthóir* a dhéanfar a ainmniú mar is ceart ina (*h*)*iarrthóir* sa toghchán, áfach, nó cuirfear deireadh leis an iarratas, má tharlaíonn, ag aon am idir dáta an ainmniúcháin agus deireadh na vótála sa toghchán ag meán lae ar an **25 Deireadh Fómhair 2019**, nach *togthóir* incháilithe é/í a thuilleadh.
- (vi) D’fhéadfaí iarratas a dhéanamh ar pháipéir ainmniúcháin tríd an bpost, ach scríobh chuig an gCeann Comhairimh, ‘Toghchán na Foirne Neamhadúla, f/ch Vivienne Murray, Seomra 120, Foirgneamh Callan, Ollscoil Mhá Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, ar an ríomhphost ag governing.authority@mu.ie, nó d’fhéadfaí iad a íoslódáil ó leathanach gréasáin an Údaráis Rialaithe: <https://www.maynoothuniversity.ie/governing-authority/governing-authority-elections>.
- (vii) Ní mór páipéir oifigiúla ainmniúcháin a chur, tríd an bpost, chuig an gCeann Comhairimh, ‘Toghchán na Foirne Neamhadúla’, f/ch Vivienne Murray, Seomra 120, Foirgneamh Callan, Ollscoil Mhá Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, nó ar an ríomhphost chuig: governing.authority@mu.ie faoi **5.00 i.n.** ar an **7 Deireadh Fómhair 2019**.
- (viii) Cuirfear páipéir vótála chuig *togthóirí* tríd an bpost inmheánach ar dháta nach déanaí ná an **14 Deireadh Fómhair 2019**.
- (ix) Déanfar an vótáil a reáchtáil de réir chóras na hIonadaíochta Cionmhaire faoi mar a dhéantar i dtoghcháin Sheanad Éireann.
- (x) Dúnfar an vótáil sa toghchán, a dhéanfar tríd an bpost, ag meán lae ar an **25 Deireadh Fómhair 2019**.